

## Tuairisc Féinmheastóireachta Scoile

Rinneadh féinmheastóireachta scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i nGaelscoil na Giúise le linn na tréimhse Eanáir go Márta 2014. Le linn na meastóireachta, rinneadh meastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim na réimsí curaclam seo a leanas:

- Teanga labhartha na bpáistí i nGaeilge

D'úsaidemair roinnt foinsí eolais chun an t-eolas a bhailiú faoin scoil:

- Athbhreithniú ar chleachtadh na múinteoirí sa Litearthacht.
- Athbhreithniú ar phleananna churaclaim
- Obair na ndaltaí samplaí, cóipleabhair agus taispeántais
- Ceisteanna ar thuismitheoirí

Seo tuairisc ar thátáil na meastóireachta

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is Gaelscoil nua sinn a d'oscail i Meán Fómhair 2013 le seisear daltaí sna Naíonáin Shóisir. Is scoil ilchreidmheach muid atá lonnaithe i mBaile Átha Claith 24. Beimid ag fás agus ag forbairt sna blianta amach anseo.

Patrún: Fóras Patrúnachta

Cathaoirleach: Marcus Ó Leanacháin

Príomhoide: Fionnuala Ní Riain

Foireann: Múinteoir buan amháin agus múinteoir tacaíochta foghlama 10 n-uair in aghaidh na seachtaine.

Suíomh Idirlín: [www.gaelscoilnagiuse.ie](http://www.gaelscoilnagiuse.ie)

Fás na scoile: Tá 23 daltaí nua cláraithe do Naíonáin Shóisir an bhliain seo chughainn. Táimid ag súil go bhfásfaidh an scoil sna blianta atá amach anseo.

### 2. Na tátáil

Litearthacht: Tá an tumoideachas ar siúl sa scoil. Níor labhair na páistí mórán Gaeilge nuair a thosaíodar anseo ag tús na bliana. Tá an-dul chun cinn déanta ag na páistí ó thaobh tuiscint na Gaeilge de agus níl mórán nach dtuigeann na páistí anois ó thaobh na Gaeilge de anois.

Ba mhaith liom anois iad a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt. Tá siad cheana féin ag cur focal nó dhó isteach in abairtí agus tá siad tosnaithe ar abairtí iomlána Gaeilge a úsáid.

Rannphairtíocht na ndaltaí san fhoghlaim

Ullmhúcháin don teagasc

Ullmhaíonn na múinteoirí pleannanna fad agus gear théarmach ag baint úsáid as Curaclam na Bunscoile 1999 agus úsáideann siad na pleananna seo chun a gcuid múinteoireacht a threoiriú. Ainmnítear torthaí foghlama, cur chuige foghlama, gníomhaíochtaí agus acmhainní sna pleananna .

Níl plean scoile déanta go fóill. Tá seo faoi bhun ag an bpríomhoide. Úsáidtear táirgí tráchtála ag tagairt I gcónaí le cuspóirí churaclam. Déanann na múinteoirí plean don chaoi go ndéanfaidh siad measúnú ar fhoghlaim na páistí.

### Cur chuige múinteoireachta

Baineanna na múinteoirí úsáid as réimse leathan modhanna múinteoireachta atá oiriúnach do dul chinn teanga labhartha, léamh, scríobh agus litearthacht digiteach na bpáistí. Baintear an-úsáid as achmainní ar aon le ICT chun tacaíocht a thabhairt do na páistí agus iad ag foghlaim. Baineann na múinteoirí úsáid as idirdhealú chun freastal ar riachtanaisí na bpáistí.

### Bainistiú Daltaí:

Tá comhoibriú ann idir an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlama. Úsáidtear réimse leathan grúpaí eagraithe agus suíomhanna chun tacaíocht a thabhairt don Litearthacht. Tá Cód Iompar dearfach ar aon le polasaí frith bhulaíochta i bhfeidhm i mbealach féarálte agus comhsheasmhach. Is scoil uileghabhálach muid, tá meas againn ar dhaltaí cuma a gcúlra ná a n-ingsne. Tá ionchais ard ach réalaíoch ag na múinteoirí maidir le iompar na ndaltaí agus cuireann na múinteoirí seo in iúl do na páistí.

### Measúnachú

Baineann múinteoirí úsáid as réimse leathan uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim sa Litearthacht – breathnadóireacht, liostaí seiceála, cuspóirí curaclaim, ceisteanna, ag spreagadh na páistí chun féin mheasúnú a dhéanamh. Ó Naíonáin Shinsir ar aghaidh tosnóidh an scoil ar mheasúnú foirmeálta a dhéanamh mar shampla an MIST agus amach anseo beimid ag baint úsáid as na scrúdaithe Micra agus Sigma.

Rachaidh tuairisc scríobhtha abhaile go tuismitheoirí ag deireadh na bliana.

### Timpeallacht Foghlama

Tá timpeallacht shaibhir prionta le feiceáil sa seomra ranga. Tá obair na bpáistí le feiceáil crochta ar na ballaí. Tá aontú i measc na múinteoirí maidir leis an gcur chuige a n-úsáidimid chun scríobhneoireacht a mhúineadh.

Níl leabharlann scoile againn go fóill. Is rud é gur mhaith linn a thosnú go luath agus tá Coisde na dTuistí chun cabhrú leis í a bhunú.

Tá leabharlann againn sa seomra ranga agus cuirtear dhá leabhar beaga abhaile le na páistí gach seachtain.

### Rannphairtíocht foghlama na bpáistí

Tá na daltaí gníomhach ina gcuid foghlaim sa seomra ranga, leiríonn na páistí suim sa foghlaim agus glacann siad páirt gníomhach sa foghlaim den chuid is mó. Tá Aistear á chur i bhfeidhm ag na múinteoirí sa seomra ranga. Ba mhaith le na múinteoirí anois na páistí a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt. An dúshlán atá ann ná nach gcloiseann na daltaí seo aon daltaí níos sine ag úsáid an teanga.

Tá tuismitheoirí na ndaltaí an-sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag na páistí ó thaobh na Gaeilge de agus go gcloistear iad go minic ag úsáid frásaí Gaeilge sa bhaile, nó focail Gaeilge i ngan fhios dóibh féin.

### Rannphairtíocht na dTuismitheoirí

Tugann na tuismitheoirí tacaíocht do aon tionscnaimh a bhaineann leis an litearthacht. Spreagtar tuismitheoirí chun tacaíocht a thabhairt dá bpáistí trí léamh leo gach oíche mar chuid den obair bhaile agus go ginéarála iad féin sa bhaile. Amach anseo, nuair a fhásann an scoil tá súil againn go mbeidh tuimitheoirí mar bhall d'eagrú Féiltí Leabhar, turasanna go dtí an leabharlann srl.

Láidreachtaí na scoile i leith na litearthachta:

- Acmhainní maithe ar fáil agus in úsáid
- Réimse leathan uirlisí measúnú in úsáid
- Timpeallacht shaibhir prionta le feiceáil sa seomra ranga
- Tairgí tráchtála usáidte ag tagairt do chuspóirí churaclam.
- Scéim fonaice in úsáid sna ranganna naíonáin.
- Réimse leathan ábhar léitheoireachta ar fáil agus in úsáid sa rang.
- Bíonn páistí gníomhach sa rang.
- Páistí gníomhach I ngíomháochtaí éisteachta sa rang.
- Scríbhneoireacht reatha cothaithe ó Naíonáin Shóisir.

Tugtar tús áite do na réimsí seo a leanas chun dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na litearthachta de:

#### - Teanga Labhartha

Dul chun cinn ó thaobh líofacht na bpáistí agus forbairt a dhéanamh ar chumas labhartha na bpáistí.

1. Múinfear scileanna saineúil teanga labhartha do na páistí agus tabharfar teanga labhartha mar chuid den obair bhaile.
2. Tabharfar deiseanna do na páistí forbairt a dhéanamh ar an dteanga labhartha i ngach rang sa scoil.
3. Réimse dánta agus rannta le foghlaim ag na páistí de ghlan mheabhair ag gach leibhéal ranga.

#### - Léitheoireacht:

Forbairt a dhéanamh líofacht léitheoireachta na bpáistí trí réimse níos leithne leabhair a chur ar fáil dóibh.

1. Tús a chur le leabharlann scoile a bhunú.
2. Tús a chur le léitheoireacht roinnte agus DEAR.

#### - Scíbhneoireacht

1. Aontú maidir le gramadach/poncaíocht a mhúinfear ag gach leibhéal ranga.
2. Aontú maidir le clár litriú sa scoil agus conas a chuirfear seo i bhfiedhm.

Féach ar bhealaí gur féidir linn tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí maidir le fonaic na Gaeilge, scríbhneoireacht, forbairt teanga labhartha, léitheoireacht agus scileanna tuisceana na bpáistí.

Caithfear athchoiriú a dhéanamh ar na polasaithe seo a leanas:

1. Athchoiriú ar Cód Iompair agus an polasaí Frith Bhulaíocht

Caithfear na polasaithe seo a leanas a chur i gcrích:

1. Data Protection Policy
2. Sláinteachas agus Sábhailteachas
3. Critical Incident Policy

Caithfear na pleananna scoile seo a scríobh thar an chéad trí bliana eile:

- |              |               |
|--------------|---------------|
| 1. Gaeilge   | 7. Stair      |
| 2. Béarla    | 8. Ceol       |
| 3. Mata      | 9. Dramaíocht |
| 4. OSPS      | 10. Ealaín    |
| 5. Eolaíocht |               |
| 6. Tíreolas  |               |

**The following Legislative and regulatory requirements need to be reviewed:**

1. Review of Code of Behaviour and Anti Bullying policy
2. Review of Health & Safety Statement
3. Review of Data Protection Policy

**The following Curriculum Plans and Policies need to be reviewed over the next 3 years:**

- |  |                                      |
|--|--------------------------------------|
| 1. Gaeilge 2012                                | 1. Fire Drill 2012                   |
| 2. Visual Arts 2013                            | 2. Critical Incident Policy 2013     |
| 3. Maths 2013                                  | 3. In School Management Policy 2013  |
| 4. Science 2013                                | 4. Attendance Policy/Strategies 2014 |
| 5. History 2014                                | 5. Swimming Policy 2014              |
| 6. Create Policy on Gifted and Talented Pupils |                                      |